Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2020
(OR. en)

7887/20

Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0082(CNS)

FISC 104
ECOFIN 290

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	8 Bealtaine 2020
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2020) 198 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2017/2445 agus Treoir (AE) 2019/1995 a mhéid a bhaineann leis na dátaí trasuí agus na dátaí cur i bhfeidhm de bharr ghéarchéim COVID-19

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 198 final.

Faoi iamh: COM(2020) 198 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.5.2020
COM(2020) 198 final

2020/0082 (CNS)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir (AE) 2017/2445 agus Treoir (AE) 2019/1995 a mhéid a bhaineann leis na dátaí trasuí agus na dátaí cur i bhfeidhm de bharr ghéarchéim COVID-19

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

An 5 Nollaig 2017 ghlac an Chomhairle Treoir (AE) 2017/2455[1] ('Treoir ríomhthráchtála CBL') lena leasaítear Treoir 2006/112/CE[2] ('Treoir CBL') agus Treoir 2009/132/CE[3] a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí áirithe i ndáil le cáin bhreisluacha i gcás soláthairtí seirbhísí agus ciandíolacháin earraí.

An 21 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle Treoir (AE) 2019/1995[4] ('an dara Treoir ríomhthráchtála CBL') lena leasaítear Treoir CBL a mhéid a bhaineann le forálacha i ndáil le ciandíolacháin earraí agus soláthairtí baile áirithe earraí.

An 1 Eanáir 2021 an dáta a socraíodh le haghaidh cur i bhfeidhm an chuid is mó den phacáiste chuimsitheach reachtaíochta maidir le CBL a nuachóiriú le haghaidh ríomhthráchtáil thrasteorann idir gnólachtaí agus tomhaltóirí ('pacáiste ríomhthráchtála CBL') chun dóthain ama a thabhairt do na Ballstáit na córais reachtaíochta agus TF atá acu a oiriúnú.

Chuir an Coimisiún staid na himeartha i láthair maidir le hullmhacht na mBallstát an 14 Feabhra 2020 agus dheimhnigh an chuid is mó de na Ballstáit go mbeadh siad in ann na rialacha a chur i bhfeidhm faoin dáta dlite. Chuir dhá Bhallstát imní in iúl agus d'iarr siad go gcuirfí siar an teacht i bhfeidhm go ceann bliana nó níos mó. Thairg an Coimisiún cúnamh do na Ballstáit a raibh deacrachtaí acu chun cabhrú leo na constaicí sin a shárú agus bhí sé muiníneach go mbeadh na Ballstáit réidh faoin 1 Eanáir 2021.

De dheasca ráig gan choinne ghéarchéim COVID-19 agus a tionchar ollmhór, áfach, bhí ar na Ballstáit a gcuid tosaíochtaí a athrú agus acmhainní a ath-leithdháileadh chun an phaindéim a chomhrac in áit an pacáiste ríomhthráchtála CBL a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit eile a dhearbhú níos mó go mbeidh siad in ann bailchríoch a chur ar an obair ullmhúcháin chun na rialacha nua a chur i bhfeidhm faoin 1 Eanáir 2021, lena n-áirítear na Treoracha thuasluaite a thrasuí go tráthúil ina ndlí náisiúnta. Tá contúirt ann go mbeidh moill leis an gcóras TF ar an leibhéal náisiúnta, ar córas é a bhfuil gá leis chun na rialacha atá leagtha síos sna Treoracha ríomhthráchtála CBL a chur chun feidhme, agus dá dheasca sin cuirtear i gcontúirt ullmhacht roinnt Ballstát chun na rialacha nua a chur i bhfeidhm amhail ón 1 Eanáir 2021. Chuir príomhoibreoirí eacnamaíocha imní den chineál céanna in iúl, go háirithe oibreoirí cúiréara agus poist, a mhol go láidir don Choimisiún dáta chur i bhfeidhm an phacáiste ríomhthráchtála CBL a chur ar atráth go ceann 6 mhí de dheasca ghéarchéim COVID-19.

Thionóil an Coimisiún cruinniú leis na Ballstáit an 24 Aibreán 2020 chun measúnú a dhéanamh ar a n-ullmhacht maidir leis na rialacha nua a chur i bhfeidhm amhail ón 1 Eanáir 2021. Dheimhnigh formhór na mBallstát go bhfuil sé ar a gcumas fós na rialacha a

---

[1] Treoir (AE) 2017/2455 ón gComhairle an 5 Nollaig 2017 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE agus Treoir 2009/132/CE a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí áirithe i ndáil le cáin bhreisluacha i gcás soláthairtí seirbhísí agus ciandíolacháin earraí. (IO L 348, 29.12.2017, lch. 7).

[2] Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

[3] Treoir 2009/132/CE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2009 lena gcinntear raon feidhme Airteagal 143(b) agus (c) de Threoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le díolúine ó cháin bhreisluacha ar allmhairiú deiridh earraí áirithe (IO L 292, 10.11.2009, lch. 5).

[4] Treoir (AE) 2019/1995 ón gComhairle an 21 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le forálacha i ndáil le ciandíolacháin earraí agus soláthairtí baile áirithe earraí (IO L 310, 2.12.2019, lch. 1–5¬)

chur i bhfeidhm in am, ach chuir siad i dtábhacht go bhfuil na forálacha ar fheidhmiú an phacáiste ríomhthráchtála CBL bunaithe ar an bprionsabal gur cheart go mbeadh sé ar chumas na mBallstát uile iad a chur i bhfeidhm i gceart, agus mar sin go mbeidís réidh chun tacú le cur i bhfeidhm na rialacha a chur ar atráth nach mairfeadh níos faide ná 6 mhí.

Agus an méid sin thuasluaite san áireamh, is í príomhsprioc an togra seo dáta chur i bhfeidhm na leasuithe atá leagtha amach i dTreoir (AE) 2017/2455 ón gComhairle agus i dTreoir (AE) 2019/1995 ón gComhairle a beartaíodh don 1 Eanáir 2021 a chur ar atráth go ceann 6 mhí. Dá dheasca sin, is é dáta nua an cur i bhfeidhm an 1 Iúil 2021. Moltar é a chur ar atráth go ceann 6 mhí, mar gur ceart an mhoill a choinneáil chomh gairid agus is féidir ar mhaithe le caillteanais bhuiséadacha bhreise do Bhallstáit a íoslaghdú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is í sprioc ghinearálta an togra seo feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, iomaíochas ghnólachtaí an Aontais agus an gá atá le cánachas éifeachtach an gheilleagair dhigitigh a áirithiú. Tá an pacáiste ríomhthráchtála CBL ag teacht le cur i bhfeidhm phrionsabal an chinn scríbe maidir le CBL amach anseo, mar atá leagtha amach sa phlean gníomhaíochta maidir le CBL a dtacaíonn an Chomhairle leis[5].

De bhreis ar an bplean gníomhaíochta maidir le CBL, aithnítear an pacáiste ríomhthráchtála CBL ina phríomhthionscnamh den Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach[6] (‘Straitéis DSM’) chomh maith leis an Straitéis maidir le Margadh Aonair[7] agus an Plean Gníomhaíochta Ríomhrialtais[8].

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Foráiltear leis an airteagal sin go nglacfaidh an Chomhairle forálacha le haghaidh comhchuibhiú ar rialacha na mBallstát i réimse na cánach indírí agus ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Cuireann an togra seo an 1 Eanáir 2021 ar atráth mar an dáta le haghaidh cur i bhfeidhm na dTreoracha ríomhthráchtála CBL, ar threoracha iad a ghlac an Chomhairle i mí na Nollag 2017 agus mí na Samhna 2019 agus nach mór iad a bheith trasuite ag na Ballstáit uile sa dlí náisiúnta faoin 31 Nollaig 2020. Déantar an togra seo de dheasca ghéarchéim COVID-19 agus mar fhreagra air óir tugann sé dúshlán do na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta chun dul i ngleic leis an staid éigeandála atá ann faoi láthair agus dá dheasca sin, tá deacrachtaí ag cuid acu cur chun feidhme tráthúil a dhearbhú maidir leis na hathruithe is gá lena gcórais TF baile. Tá na forálacha maidir le feidhmiú an phacáiste ríomhthráchtála CBL bunaithe ar an bprionsabal gur cheart do gach Ballstát a bheith in ann iad a chur i bhfeidhm mar is ceart.

Ó tharla CBL a bheith ina cáin atá chomhchuibhithe ar leibhéal an Aontais, ní ceadmhach go socróidh na Ballstáit rialacha difriúla dóibh féin. Dá bhrí sin, aon tionscnamh chun rialacha CBL le haghaidh ríomhthráchtála a leasú, lena n-áirítear an dáta chur i bhfeidhm a athrú,

---

5 http://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2016/05/25-conclusions-vat-action-plan/
6 COM(2015) 192 final.
7 COM(2015) 550 final.
8 COM(2016) 179 final.

éilíonn sé togra ón gComhairle agus ní féidir é a bhaint amach trí bhíthin gníomhaíochtaí aontaobhacha ar an leibhéal náisiúnta.

Dá bhrí sin, tá an togra ag teacht le prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Tá an togra ag teacht le prionsabal na comhréireachta, i.e. ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a ghnóthú, go háirithe i leith fheidhmiú rianúil an mhargaidh aonair. Faoi mar atá leis an tástáil coimhdeachta, ní féidir leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin gan togra le haghaidh dátaí chur i bhfeidhm na dTreoracha um ríomhthráchtáil CBL a leasú.

- **An rogha ionstraime**

Leasaítear leis an togra seo Treoir (AE) 2017/2455 ón gComhairle agus Treoir (AE) 2019/1995 ón gComhairle. Roghnaíodh Cinneadh ón gComhairle chun na críche sin, toisc gurb é an t-aon leasú a dhéantar sa togra na dátaí trasuí agus na dátaí cur i bhfeidhm a chur ar atráth.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh roinnt Ballstát chomh maith le hoibreoirí poist agus cúiréara i dteagmháil leis an gCoimisiún lena chur i dtábhacht gur beag seans atá ann go mbeidh sé ar a gcumas na córais TF atá acu a bheith réidh agus i mbun oibríochta le haghaidh chur i bhfeidhm agus chur chun feidhme an phacáiste ríomhthráchtála CBL faoin 1 Eanáir 2021 de dheasca ghéarchéim COVID-19.

Thionóil an Coimisiún cruinniú leis na Ballstáit an 24 Aibreán 2020 chun measúnú a dhéanamh ar a n-ullmhacht maidir leis na rialacha nua a chur i bhfeidhm amhail ón 1 Eanáir 2021. Dheimhnigh formhór na mBallstát go bhfuil sé ar a gcumas fós na rialacha a chur i bhfeidhm in am, ach chuir siad i dtábhacht go bhfuil na forálacha ar fheidhmiú an phacáiste ríomhthráchtála CBL bunaithe ar an bprionsabal gur cheart go mbeadh sé ar chumas na mBallstát uile iad a chur i bhfeidhm i gceart, agus mar sin go mbeidís réidh chun tacú le cur i bhfeidhm na rialacha a chur ar atráth nach mairfeadh níos faide ná 6 mhí.

- **Measúnú tionchair**

Rinneadh measúnú tionchair ar an togra[9] agus glacadh an Treoir um ríomhthráchtáil CBL mar thoradh air sin. Ní leasaítear leis an togra reatha ach dátaí chur i bhfeidhm na leasuithe sin a leagtar amach i dTreoir (AE) 2017/2455 agus i dTreoir (AE) 2019/1995 de dheasca ghéarchéim COVID-19.

[9] DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN – MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad 'Tograí le haghaidh Treoir ón gComhairle, Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle agus Rialachán ón gComhairle maidir le Nuachóiriú CBL le haghaidh Ríomhthráchtáil thrasteorann Gnólacht le Tomhaltóir', https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=SWD:2016:0379:FIN

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is í príomhsprioc an togra seo dáta chur i bhfeidhm an phacáiste ríomhthráchtála CBL a chur ar atráth go ceann 6 mhí de dheasca ghéarchéim COVID-19.

Ní athraítear substaint na rialacha leis an togra, ach déantar dáta a gcur i bhfeidhm a chur ar atráth leis go ceann 6 mhí.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá an togra seo mar chuid de thionscadal chun dáta chur i bhfeidhm an phacáiste ríomhthráchtála CBL a chur ar atráth.

A mhéid a bhaineann le himpleachtaí buiséadacha an phacáiste ríomhthráchtála CBL ina iomláine, pacáiste a glacadh cheana, leagtar amach na himpleachtaí sin go mionsonraithe i meabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Threoir 2017/2455 ón gComhairle, doiciméad COM(2016)757 final[10].

Meastar na caillteanais bhuiséadacha le haghaidh na mBallstát ag thart ar EUR 5-7 mbilliún in aghaidh na bliana mura ndéantar an pacáiste ríomhthráchtála CBL a chur chun feidhme mar is ceart. Dá bhrí sin, caillteanais thart ar EUR 2.5-3.5 billiún a bheadh mar thoradh ar mhoill 6 mhí. Mura bhfuil Ballstáit agus gnólachtaí réidh chun na rialacha ríomhthráchtála CBL nua a chur i bhfeidhm, áfach, d'fhéadfadh na caillteanais chéanna, nach mór, a bheith i gceist mura n-oibríonn an córas i gceart.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Buanchoiste um Chomhar Riaracháin (SCAC) an cur chun feidhme a mhaoirsiú, le tacaíocht óna Fhochoiste TF, an Buanchoiste um Theicneolaíocht Faisnéise (SCIT).

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ní bhaineann an togra seo ach le dáta chur i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil a glacadh cheana i ndáil leis an bpacáiste ríomhthráchtála CBL a leagtar amach sa Treoir maidir le CBL. Cuirfear an dáta cur i bhfeidhm ar atráth go ceann 6 mhí. Ciallaíonn sé sin go ndéanfar na rialacha a chur i bhfeidhm amhail ón 1 Iúil 2021 seachas ón 1 Eanáir 2021. Dá réir sin, déanfaidh na Ballstáit a mbearta trasuite a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 30 Meitheamh 2021 seachas faoin 31 Nollaig 2020.

Is éard is cúis leis an togra seo géarchéim COVID-19, géarchéim a chuireann brú ar na Ballstáit gníomhú láithreach agus bearta a ghlacadh go práinneach ar an leibhéal náisiúnta chun na hiarmhairtí do ghnólachtaí agus don phobal i gcoitinne a laghdú. De dheasca na n-imthosca eisceachtúla sin nach bhfacthas a leithéid riamh, ní féidir le roinnt Ballstát a ráthú go gcloífidís leis an sprioc-am chun rialacha an phacáiste ríomhthráchtála CBL, rialacha is gá, a thrasuí agus a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta amhail ón 1 Eanáir 2021.

---

[10] Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2006/112/CE agus Treoir 2009/132/CE a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí áirithe i ndáil le cáin bhreisluacha i gcás soláthairtí seirbhísí agus ciandíolacháin earraí
COM/2016/0757 final - 2016/0370 (CNS), https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1586260266830&uri=CELEX:52016PC0757

2020/0082 (CNS)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir (AE) 2017/2445 agus Treoir (AE) 2019/1995 a mhéid a bhaineann leis na dátaí trasuí agus na dátaí cur i bhfeidhm de bharr ghéarchéim COVID-19

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle[3], arna leasú le Treoir (AE) 2017/2455 ón gComhairle[4] agus Treoir (AE) 2019/1995 ón gComhairle[5], creat dlíthiúil an phacáiste reachtaíochta maidir leis an gcáin bhreisluacha (CBL) a nuachóiriú i gcás na ríomhthráchtála trasteorann gnólacht le tomhaltóir. Tá formhór na bhforálacha nua sin le cur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021.

(2) An 30 Eanáir 2020, dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) gur éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í ráig COVID-19. An 11 Márta 2020, dhearbhaigh EDS gur paindéim í ráig COVID-19. Is cúis le hionfhabhtuithe sna Ballstáit ar fad í COVID-19. De bharr an mhéadaithe scáfair ar an líon cásanna agus an easpa modhanna éifeachtacha atá ar fáil láithreach chun dul i ngleic le ráig COVID-19, tá staid éigeandála náisiúnta fógartha ag roinnt mhaith Ballstát.

(3) Éigeandáil dhothuartha nach bhfacthas a leithéid cheana atá i ráig COVID-19, ráig atá ag imirt tionchar tromchúiseach ar na Ballstáit ar fad agus a fhágann go bhfuil orthu gníomhú láithreach ar an leibhéal náisiúnta chun dul i ngleic mar thosaíocht leis an

---

1 IO C , , lch. .

2 IO C , , lch. .

3 Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

4 Treoir (AE) 2017/2455 ón gComhairle an 5 Nollaig 2017 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE agus Treoir 2009/132/CE a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí áirithe i ndáil le cáin bhreisluacha i gcás soláthairtí seirbhísí agus ciandíolachán earraí (IO L 348, 29.12.2017, lch. 7).

5 Treoir (AE) 2019/1995 ón gComhairle an 21 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le forálacha um chiandíolacháin earraí agus soláthairtí baile áirithe earraí (IO L 310, 2.12.2019, lch. 1).

ngéarchéim atá ar siúl trí acmhainní a athleithdháileadh chuig saincheisteanna eile. De dheasca na géarchéime seo, beidh deacrachtaí ag roinnt Ballstát an fhorbairt a chríochnú, faoin 31 Nollaig 2020, ar na córais TF atá riachtanach le haghaidh chur i bhfeidhm na rialacha a leagtar síos le Treoir (AE) 2017/2455 agus Treoir (AE) 2019/1995 agus na rialacha sin a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021. Dá bhrí sin d'iarr roinnt Ballstát chomh maith le hoibreoirí poist agus cúiréara go gcuirfí siar dátaí cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2017/2455 agus Threoir (AE) 2019/1995.

(4) Agus na dúshláin atá le sárú ag na Ballstáit chun dul i ngleic le géarchéim COVID-19 á gcur san áireamh, chomh maith lena chur san áireamh go bhfuil na forálacha nua bunaithe ar an bprionsabal go gcaithfidh na Ballstáit ar fad na córais TF atá acu a thabhairt cothrom le dáta chun go mbeidh siad in ann na forálacha a leagtar síos le Treoir (AE) 2017/2455 agus Treoir (AE) 2019/1995 a chur i bhfeidhm, ionas go n-áiritheofar bailiú agus tarchur faisnéise agus íocaíochtaí faoi na scéimeanna modhnaithe, tá sé riachtanach dátaí trasuí agus dátaí cur i bhfeidhm na dTreoracha sin a chur siar sé mhí. Is iomchuí iad a chur siar sé mhí, mar gur ceart an mhoill a choinneáil chomh gairid agus is féidir ar mhaithe le caillteanais bhuiséadacha bhreise do Bhallstáit a íoslaghdú.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2017/2455 agus Treoir (AE) 2019/1995 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Leasuithe ar Threoir (AE) 2017/2455

Leasaítear Treoir (AE) 2017/2455 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

'Leasuithe ar Threoir 2006/112/CE le héifeacht ón 1 Iúil 2021';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'Le héifeacht ón 1 Iúil 2021, leasaítear Treoir 2006/112/CE mar seo a leanas:';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'Airteagal 3
Leasú ar Threoir 2009/132/CE

Le héifeacht ón 1 Iúil 2021, scriostar Teideal IV de Threoir 2009/132/CE.';

(3) in Airteagal 4, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Airteagail 2 agus 3 den Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 30 Meitheamh 2021. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

‘Cuirfidh siad i bhfeidhm na bearta is gá chun Airteagail 2 agus 3 den Treoir seo a chomhlíonadh ón 1 Iúil 2021.’;

Airteagal 2
Leasuithe ar Threoir (AE) 2019/1995

In Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2019/1995, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír:

‘Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 30 Meitheamh 2021 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl láithreach don Choimisiún.

Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón 1 Iúil 2021.’

Airteagal 3
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4
Seolaithe

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán